**Feidhm: Ag rá go gcaithfidh tú ball nua éadaigh a cheannach**

**Bileog 10.1**

- Scaip **Bileog 10.1** ar an rang. Abair leo liosta a dhéanamh de na héadaí ar fad atá ar eolas acu.
- Iarr ar gach beirt comparáid a dhéanamh nuair atá siad réidh idir na liostaí atá acu.
- Déan thusa plé leis an rang ar fad ansin ar na baill éadaigh ar fad a bhí ann. Cuir leis an liosta más gá.

  ***Freagraí:***
  *Blús*
  *Brístí*
  *Bróga*
  *Buataisí*
  *Carbhat*
  *Cíochbheart*
  *Cóta*
  *Crios*
  *Cuaráin*
  *Culaith spóirt*
  *Éadaí geimhridh*
  *Éadaí samhraidh*
  *Geansaí*
  *Gúna*
  *Hata*
  *Lámhainní/miotóga*
  *Léine*
  *Riteoga*
  *Scaif*
  *Seaicéad*
  *Stocaí*
  *T-léine*

-  Ba cheart go mbeadh cúpla bealach ag na foghlaimeoirí anois le 'I have to' a rá as Gaeilge – *caithfidh mé/tá orm/ní mór dom.*
-  Is é an t-ainm briathartha atá i gceist. Is leor ag an phointe seo a rá go gcuirtear (e)adh le fréamh an bhriathair sa chéad réimniú - mar shampla – glanadh. Athraíonn –aigh go **ú** agus –igh go **iú** sa dara réimniú. Mínigh chomh maith nach bhfuil anseo ach treoir an-gharbh ar fad ach go mbeidh go leor samplaí den ainm briathartha ann amach anseo (dul siar atá anseo ar aonad 9).
- Tabhair seans do gach beirt anois pictiúr a roghnú ó na pictiúir ar fad atá ag bun an leathanaigh. Caithfidh siad a rá go bhfuil siad ag dul go dtí na háiteanna sna pictiúir nó chuig na hócáidí sna pictiúir, agus caithfidh siad a rá cad é atá a dhíobháil orthu le dul chucu.
  Mar shampla:

*Tá mé ag dul ar shiúlóid shléibhe ag an deireadh seachtaine agus caithfidh mé mála droma a cheannach.*

- Labhróidh duine A faoin chéad phictiúr agus labhróidh duine B faoin dara pictiúr agus leanfaidh sé ar aghaidh mar sin go dtí go mbeidh na pictiúir ar fad pléite.
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang labhairt faoi na pictiúir éagsúla.
- Déan plé ar bhotúin ar bith a chluineann tú.

**Feidhm: Ag rá go gcaithfidh tú rudaí a cheannach don teach**

**Bileog 10.2**

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 10.2** orthu. Tabhair seans dóibh smaoineamh ar earraí tí - mar shampla:

  *Babhla/babhlaí*
  *Braillín/braillíní*
  *Citeal*
  *Crúiscín/crúiscíní*
  *Cupán/cupáin*
  *Fochupán/fochupáin*
  *Forc/foirc*
  *Gloine/gloiní*
  *Mias/miasa*
  *Piliúr/piliúir*
  *Pláta/plátaí*
  *Pluid/pluideanna*
  *Sáspan/sáspain*
  *Scian/sceana*
  *Spúnóg/spúnóga*
  *Tuáille/tuáillí*

-  Téigh siar ar an fhrása - *Tá rud éigin ag teastáil uaim* - leis an rang. Ansin tabhair seans dóibh an leagan ceart i ngach pearsa a scríobh: *uaim, uait, uaidh, uaithi, uainn, uaibh, uathu.*
-  Is é atá i gceist leis an phointe seo ná intinn na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar na héagsúlachtaí atá ann idir an Ghaeilge agus a dteanga dhúchais féin. Is gné an-láidir iad na forainmneacha réamhfhoclacha sna teangacha Ceilteacha, gné nach bhfuil a leithéid ann sa Bhéarla, mar shampla.
- Ansin tabhair seans do gach beirt a machnamh a dhéanamh ar na nithe ar mhaith leo a cheannach dá dtithe féin nó na nithe atá ag teastáil uathu go géar dá dtithe.
- Cuir féin ceist ar chúpla duine sa rang ansin faoi na hearraí tí atá a dhíobháil orthu. Mar shampla:

  *Tá tábla caife ag teastáil uaim!*

*Caithfidh mé cuirtíní nua a cheannach do sheomra codlata Mháire!*
*Tá tolg ag teastáil uaim sa seomra suí!*

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le beirt ar an téip ag déanamh cur síos ar na hearraí atá ag teastáil uathu don teach.
- Cuir ar siúl an téip agus tabhair seans dóibh na ceisteanna a fhreagairt.
- I ndiaidh duit na ceisteanna a phlé leis an rang ar fad cuir an téip ar siúl arís don rang.
- Mínigh dóibh ansin go mbeidh siad ag léamh píosa faoi óstán sa Ghaeltacht i gCo. Chiarraí, atá le fáil ar láithreán Gréasáin *Gaelsaoire*. Mínigh dóibh chomh maith gur súil siar ar stór focal a bhaineann leis an teach agus le cúrsaí bia é seo.
- Tabhair seans dóibh plé a dhéanamh ar na focail tar éis an t-alt a léamh. Ansin pléigh an tábhacht a bhaineann le comhthéacs chun focail a thuiscint.
- Iarr ar dhaoine éagsúla *gist* an ailt a sholáthar duit ansin. Pléigh deacracht ar bith a bhí ag an rang.
- Ansin iarr orthu liosta a scríobh de na hearraí nó nithe eile a bheadh le fáil sa seomra, dar leo. Mar shampla:

  *leaba shingil, leaba dhúbailte, ceangal idirlín . . .*

**Feidhm:** **Ag rá go gcaithfidh tú bronntanas a cheannach do dhuine**
**Ag lorg tuairimí ó dhuine/dhaoine eile maidir le bronntanas**

**Bileog 10.3**

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 10.3** orthu. Iarr orthu an dá cheist a dhéanamh le chéile.

  ***Freagraí:***
  *(1) Uaireadóir, slabhra, bráisléad, fáinne, fáinní cluas etc.*
  *(2) Ar mhaith léi scaif, dar leat?/An dóigh leat gur mhaith léi scaif?/An dtaitneodh scaif léi, meas tú?/An gceapann tú gur mhaith léi scaif?*

- Sula mbogann tú ar aghaidh déan druil maith leis an rang ar fad ag cleachtadh na struchtúr thuas. Ba cheart go mbeadh an druil mar seo:

  *Múinteoir:* *A Sheáin, ar mhaith le Siobhán tae anois, dar leat?*
  *Seán:* *Ba mhaith.*

  *Múinteoir:* *A Shíle, an dtaitneodh carr nua le hAoife, meas tú?*
  *Síle:* *Thaitneodh.*

- Iarr ar gach beirt na saghsanna céanna ceisteanna a chur ar a chéile le cleachtadh breise a dhéanamh.
- Anois déan plé leis an rang ar fad ansin ar na freagraí éagsúla a thabharfá ar na ceisteanna thuas.

© Ollscoil Mhá Nuad 

- Scríobh na tuairimí a fhaigheann tú ó na foghlaimeoirí ar an chlár dubh. Ba cheart go mbeadh na habairtí seo a leanas mar chuid de na tuairimí a fhaigheann tú:

  *Sin smaoineamh maith, is breá léi rudaí mar sin.*
  *An dtaitneodh sin léi? Tá mé cinnte go dtaitneodh.*
  *An gceapann tú gur mhaith léi sin? Tá mé cinnte gur mhaith.*

- Nuair atá tú féin sásta go bhfuil na struchtúir thuas ar eolas ag an rang lean ar aghaidh go dtí an chéad chleachtadh eile – **Ag ceannach bronntanas**. (1) Caithfidh gach duine na bearnaí sa bhosca a líonadh díreach mar atá an sampla déanta. Caithfidh siad trí phointe eolais a scríobh – (a) an gaol atá ag an duine sa phictiúr leis an fhoghlaimeoir - mar shampla: *mo mhac, mo dheirfiúr etc.* (b) Cén fáth a bhfuil bronntanas le ceannach do na daoine seo - mar shampla: *a bhreithlá, a bainis, d'éirigh leis sna scrúduithe etc.* (c) An bronntanas atá ar intinn an fhoghlaimeora a cheannach - mar shampla: *leabhair scoile, fáinne* nó *cóta.*
- (2) Nuair atá na spásanna ar fad líonta acu abair leo labhairt leis an duine in aice leo. Caithfidh siad ceist a chur ar a chéile cad a cheapann siad faoi na bronntanais atá le ceannach acu. Tá na ceisteanna ann le cuidiú leo.
- Scríobh an comhrá samplach seo ar an chlár dubh mar threoir:

  - *Breithlá mo mhic atá ann, caithfidh mé bronntanas a cheannach dó. An dóigh leat gur mhaith leis leabhair scoile?*
  - *Ní dóigh liom. B'fhearr leis milseáin, ceapaim.*

  - *Bainis Chiara atá ann an samhradh seo. An dtaitneodh pluideanna deasa léi, dar leat?*
  - *Tá mé cinnte go dtaitneodh!*

- Iarr ar dhaoine éagsúla an comhrá a bhí eatarthu a dhéanamh os comhair an ranga. Pléigh deacracht ar bith a bhí acu.

**Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi earraí**

**Bileog 10.4 agus 10.5**

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 10.4** orthu.
- Mínigh don rang go gcaithfidh siad ligean orthu féin go bhfuil siad ag ceannach bronntanas do chara dá b(h)ainis. Is iad na hearraí atá le ceannach acu ná na hearraí sa phictiúr.
- Sula gcuireann tú tús leis an ghníomhaíocht déan babhta ransú intinne leis an rang maidir le haidiachtaí a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar earraí etc. Mar shampla:

  *daor, saor, costasach, róchostasach, galánta, gránna, foirfe, áisiúil etc.*

- Abair leo na habairtí faoin phictiúir a úsáid le cuidiú leo.

- 

Is é an Modh Coinníollach atá i gceist.

| ***<u>Bí</u>*** | ***<u>Caith</u>*** |
|---|---|
| *bheinn (an mbeinn?)* | *chaithfinn (an gcaithfinn?)* |
| *bheifeá (an mbeifeá?)* | *chaithfeá (an gcaithfeá?)* |
| *bheadh sé/sí (an mbeadh?)* | *chaithfeadh sé/sí(an gcaithfeadh?)* |
| *bheimis (an mbeimis?)* | *chaithfimis (an gcaithfimis?)* |
| *bheadh sibh (an mbeadh?)* | *chaithfeadh sibh (an gcaithfeadh?)* |
| *bheidís (an mbeidís?)* | *chaithfidís (an gcaithfidís?)* |

***<u>Taitin</u>***

*Cuir i gcuimhne do na foghlaimeoirí go bhfuil an briathar* taitin *difriúil – ní féidir* taitním *a rá, mar shampla.*

*An dtaitneodh sin leat?*
*Thaitneodh.*

- 

1. Céimeanna comparáide na haidiachta atá i gceist.
2. **faiseanta – níos faiseanta** (ní athraíonn aidiacht a chríochnaíonn le guta tar éis *níos* nó *is*)
**oiriúnach – níos oiriúnaí** (athraíonn aidiacht a chríochnaíonn le –ach go dtí –aí)
**suimiúil – níos suimiúla** (athraíonn aidiacht a chríochnaíonn le –úil go dtí -úla)

3.

| | |
|---|---|
| *saor* | *níos saoire* |
| *daor* | *níos daoire* |
| *gairid* | *níos gairide* |
| *fada* | *níos faide* |
| *deas* | *níos deise* |
| *olc* | *níos measa* |
| *maith* | *níos fearr* |
| *óg* | *níos óige* |
| *ramhar* | *níos raimhre* |
| *álainn* | *níos áille* |
| *te* | *níos teo* |
| *sean* | *níos sine* |
| *mór* | *níos mó* |
| *beag* | *níos lú* |

- Tabhair seans dóibh ansin cur síos a dhéanamh ar na bronntanais atá le ceannach acu i mbliana, ag úsáid na n-aidiachtaí ar fad atá pléite acu.
- Pléigh an Ghaeilge atá ar an fhógra leis an rang ar fad.

  *dearadh galánta, réitigh phraiticiúla*

- Bíodh na cártaí ar **Bhileog 10.5** gearrtha amach agat roimh an rang. Mínigh don rang go mbeidh siad ag imirt cluiche simplí, ag baint úsáid as aidiachtaí.
- Rialacha an chluiche:

  -

- Cuir gach duine ina suí i gciorcal i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear agus tabhair pictiúr amháin do gach duine.
- Tosaigh leis an chéad duine ar chlé agus caithfidh an duine sin rud éigin a rá faoin phictiúr atá aige, mar shampla: *Tá mo charr an-tapa ar fad!*
- Tá ar an duine in aice leis an duine sin rud éigin a rá faoin phictiúr atá aige féin, agus a rá go bhfuil an rud atá aige féin níos fearr ar bhealach éigin ná an rud a bhí ag an duine roimhe sin - mar shampla: *Tá mo chuid bráisléad níos deise ná do charrsa!*
- Leanann an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí gur labhair gach duine faoin phictiúr atá aige féin.
- Ansin bain na pictiúr de gach duine agus tabhair pictiúr nua do gach duine.
- Iarr orthu leanúint ar aghaidh leis an phróiseas céanna arís.
- Bí thusa thart le bheith cinnte go bhfuil an fhoirm cheart den aidiacht ag gach duine.
- Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an fhoirm threise arís.

**Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi éadaigh**

**Bileog 10.6 agus Bileog 10.7**

- Cuir gach triúr ag obair le chéile agus scaip **Bileog 10.6** orthu.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag léamh ailt le chéile faoi chúrsaí stíle agus faisin.
- Anois léifidh duine den bheirt an chéad alt amach os ard agus an dara duine den bheirt an dara halt.
- Tabhair seans do gach beirt iarracht a dhéanamh brí na bhfocal/na bhfrásaí a bhfuil cló trom orthu a thomhas. Pléigh na focail leis an rang ar fad.

| | |
|---|---|
| as an nua: | from scratch |
| ar chúrsa ceannaireachta: | on a leadership course |
| buairt: | worry |
| bean chumhachtach: | powerful woman |
| idirbheartaí: | negotiator |
| an rud is 'banúla' ina cófra: | the most feminine item in her wardrobe |
| leitheadas: | vanity |
| gafa leo féin: | self-obsessed |
| cruth coirp faoi leith: | a particular body shape |
| léargas: | insight |
| údar dóchais: | cause for hope |
| géilleadh: | give in to |
| muinín: | confidence |
| ag dul in aois: | ageing |
| pearsantachtaí indibhidiúla: | individual personalities |
| athchruthaigh: | recreate |

Nuair atá gach duine críochnaithe léigh thusa an t-alt iomlán leis an rang ar fad. Bí cinnte go bhfuil an chiall cheart agus an fuaimniú ceart acu ar na focail is tábhachtaí.

- Roinn an rang ina ghrúpaí de thriúr agus cuir gach triúr ag obair le chéile ar na ceisteanna ag bun an leathanaigh. Iarr ar gach duine freagra a thabhairt ar gach ceist sula leanann siad ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.

- Scaip **Bileog 10.7** ar an rang. Iarr ar gach beirt babhta ransú intinne a dhéanamh ag smaoineamh ar na haidiachtaí ar fad a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar éadaí. Mar shampla:

  *scaoilte, seanfhaiseanta, nua-aimseartha, teann, mór, beag, dorcha, geal, bog etc.*

- Mínigh dóibh anois go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta.
- Bí cinnte go bhfuil a lán pictiúr daite de shaghsanna éagsúla éadaí gearrtha amach agatsa roimh ré ó irisí agus irisleabhair éagsúla.
- Sula léann tú tríd rialacha an chluiche leis an rang mínigh an *scenario* dóibh – go bhfuil triúr ag obair le chéile, go mbeidh gach beirt ag glacadh sealanna 'feisteas a roghnú don duine eile. Tá ar an duine eile, ar roghnaíodh na héadaí fána choinne, an feisteas is deise leis nó léi a roghnú. Gheobhaidh an duine a phioc na héadaí sin dó/di pointe amháin. Leanfaidh an cluiche ar aghaidh mar sin.
- Bí thusa thart i rith an ama le cuidiú leo agus le ceist ar bith a bheadh acu a fhreagairt.
- Nuair atá seal maith caite acu ar an ghníomhaíocht abair leo go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip – ag éisteacht le Ciara agus Clár ag siopadóireacht.
- Léigh na ceisteanna ar dtús le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud, agus ansin cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

**Feidhm:** **Ag cur agus ag freagairt ceisteanna le linn duit a bheith ag ceannach éadaí**

**Bileog 10.8**

- Scaip **Bileog 10.8** ar an rang agus abair leo an comhrá a chur san ord ceart.
- Cuir an téip ar siúl ansin le feiceáil an raibh an ceart acu.
- Léigh thusa tríd an comhrá ar fad ansin agus pléigh focal ar bith nach raibh ar eolas acu.
- Tabhair seans do gach beirt anois comhrá samplach a chumadh bunaithe ar an phictiúr ag bun an leathanaigh. Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:

| | |
|---|---|
| *Jenny:* | *Is breá liom an blús seo. Tá an dath go haoibhinn, nach bhfuil?* |
| *Nicola:* | *Ó tá. Tá cinnte. Oireann an dath sin duit.* |
| *Anne:* | *Agus seo duit sciorta a bheadh foirfe leis.* |
| *Jenny:* | *Tá an ceart agat. Cén uimhir atá air?* |
| *Anne:* | *Uimhir a deich.* |
| *Jenny:* | *Caithim uimhir a dó dhéag de ghnáth, b'fhéidir go bhfuil ceann eile acu. . .* |

- Ní gá go mbeadh an comhrá díreach cosúil leis an chomhrá thuas. Ba cheart go mbeadh sé scaoilte go leor, ach abair leis na foghlaimeoirí an oiread stór focal agus is féidir ón aonad ar fad a úsáid.

- Éist thusa leis na comhráite ar fad agus ceartaigh botún ar bith a chluineann tú.
- Abair leo cuntas gairid a scríobh don tseachtain seo chugainn ar na bronntanais ar fad atá le ceannach acu sa chúpla mí rompu amach agus cén fáth.

© Ollscoil Mhá Nuad